

RAICET AGUS BAICÍN

Bhí Raicet ag dul ag baint an Fhóghmhair go Sasna agus ar an mbóthar as seo go Gaillimh, casadh fear eile dhó a bhí ag dhul ag baint an Fhóghmhair. Ní raibh aon bhealach ann ach a shiubhal.

"Cá bhfuil tú a dhul"? adeir sé, leis an bhfear, a casadh ar an mbóthar dhó. "Tá mé ag dul go Sasana, ag baint an Fhoghmhair".

"Sin é an áit céanna abhfuil mise a dhul", adeir Bailcín.

"Cén costas atá ad-sa",? adeir sé le Bailcín.

"Dó dhéag", adeir Bailcín, sé thuganns i gcomhnaidhe ann mé.

"Níl gor ar bhith a'm-sa a dhul ann", adeir Raicet. "Níl agam ach sé pingne".

04

"Ní bhfuigh tú do suipéar anocht, ar na sé pingne", adeir Baicín.

"Bhfuil fhios ad-sa céard a dhéanfas tú", adeir sé le Baicín, "tiubhraidh mé duit-sa na sé pingne, agus cuir inéinfeacht leis an dhó dhéag iad". Chúnas a mhairfeadh an dó dhéag agus na sé pingne, beimid in ar mbeirt dreathár dá chéile."

"M'anam fhéin nach ndéanfad", adeir Baicín, adeir sé. Bhí sé ag dhul de Bhaicín ariamh gur ghlac sé na sé pingne inéinfeacht leis an dó dhéag. Nuair a bíodar ag breith isteach ar bharr na Gaillimhe, "cá mbeimid anocht?" adeir Raicet, adeir sé. "M'anam nach bhfuil aon chostas againn", adeir, Baicín. "Beidhmuid i dteach éicint a bhfuighimuid cúpla pataí agus braoinín bláthaigh ann.

05

"Ní bheimuid", adeir Raicet "ach beimid sa hotel is fearr a fheicfeadh muid". Chuadar isteach sa hotel is fearr a chonnaic Raicet, cosamhlacht air. D'iarr sé cárt fuisge, an chéad tréat a d'iarr sé taréis dhó a dhul isteach do. Fuair sé an cárt fuisge. An dara gloine a líon sé thairg sé do Bhaicín í.

"Ua ní ólfaidhmise í", adeir Baicín. Níor stop Raicet ach ag ól agus ag spóirt go ndeachaidh sé a chodladh. Ní ólfadh Baicín scor ar bith le faitchíos, nach raibh a dhóicain airgid aige. Nuair a chuaidh an bheirt a chodladh agus go raibh a ndóthain codhlughithe aca agus píos maith den mhaidin codluighithe aca, "thosuighimid ag bualadh a chéile anois", adeir Raicet, adeir sé. Is gearr a bhíodar ag bualadh a chéile nuair a tháinig bean an tighe anois chucab.

06

Dfhiafruigh sí dóibh céard a bhí dá déanamh aca mar sin. "Tá mise ag iarraidh leath an reicneál a chur ar mo dhreatháir, agus níl sé sásta aon phinginn a íoc dhe." "Tuige nach n-íocfadh sé cuid-se dhe?"

adeir sí, adeir Raicet, “nuair nár iarr sé tada dhe nach n-íocfadh sé tada dhó”. “Cuirfimid púicín ort-sa”, adeir Raicet léithe, “agus pé bhí ceann again a mbéarfa tú air, bíodh an reicneáil uilig air”. “A bhfuil tú sásta?”, adeir sé, le Baicín. “Níl aon locht air”, adeir Baicín, adeir sé. Cuireadh púicín uirthé agus nuair a bhí an púicín uirthé, rinne Raicet comhartha le Baicín gan fanacht níos fuide ach bheith ag déanamh a bhealaigh amach. Rug sé fhéin ar cathaoir agus chaith sé sa gcoirnéal a ba fuide den t-seomra í. Chuaidh bean an tighe san áit ar airigh sé an torann agus chuaidh Raicet amach é fhéin. Bhí bean an tighe, ag dhul anonn is anall sa seomra go ceann tamall maith go dtáinig a fear isteach. Nuair a d’airigh an fear ag dul anonn is anall í, chuaidh sé féin suas an staidhre. Chonnaic sé an bhean agus púicín uirthé thuas roimhe.

o8

“Ara céard tá mar sin ort?”. Ní dhearna sí ach rith go dtí é agus breith air. “Tá an reicneáil uilig ort”, adeir sí. Is air a bhí sí freisin.

Is gearr a bhí imthghne ag Raicet, nuair a tháinig sé suas le Baicín aríst. “Bhfuil do dó dhéag is sé pingne fós agat a Bhaicín”, adeir Raicet. “M’anam go bhfuil”, adeir Baicín.

An chéad baile mór eile a rabhadar ag breith isteach air. “Cé mbeimid anocht?” adeir Raicet.

“Ní hé fearacht aréir é, níl aon graotha again dhul anocht ach san áit a bhfuighfidh cupla phasta agus blogam bláthaighe”.

“Bhfuil do dhó dhéag is sé pingne ad-sa fós?”.

“Tá”, adeir Baicín.

o9

“Ar chaith tú aon oidhche ariamh có maith agus chaithfeá tú, aréir dá dtogróchá fhéin é?”.

“Níor leig an faitchíos dom”, adeir Baicín.

“Ní hé fearacht aréir é”, adeir Raicet, “an teach is fearr a fheiceas muid cosmhalacht air, is ann a bhéas muid”.

An hotel is fearr a choinnaiceadar is ann a chuaidar.

D’iarr Raicet tréat có luaith agus tháing sé isteach.

D’ól Baicín braon beag dhe sin uaidh. Trathnóna an lae chuaidh Raicet amach san mbaic-yard leis an deireannas, agus chonnaic sé an-mhuc ann. Faoi cheann sgathaimh, dubhairt sé, le fear an hotel go mba ceannaidhthe muic iad fhéin

10

“Tá muc am-sa”, adeir fear an hotel, “agus níorbh fhearr liom ann feasta í”.

“Agus go gceannocainn ar maidin í”, adeir Raicet.

“Déanfaidh sin”, adeir sé.

Chaitheadar an oidhche go rí-chompóirdeach, é fhéin agus Baicín. Ar maidin nuair a bhíodar thar-éis bricfeasta maith, a chaitheamh, “féachfa mé leis an mhuc a cheannacht uait”, adeir

Raiket, adeir sé. Chuaidh sé fhéin agus fear an tighe amach, ag díol na muice agus Raiket dá ceannacht. Cheannuigh Raiket í agus thug fear an tighe cár agus capall dhó a thiubhradh chun an mhargadh í. Chuireadar an mhuic sa gcár agus d'fhan Raiket go dteagadh sé .

11

"Anois", adeir sé le Baicín, "an chéad tairisgint a gheobhfas tú ar an gcár agus ar an gcapall díol iad, agus an chéad tairisgint a gheobhfas tú ar an muic díol í, agus bí fhéin ag déanamh do bhealaigh". Is gearr a bhí Baicín imthighe nuair a d'iarr Raiket cárt beorach. "Níl aon deor beorach am", adeir fear an tighe, "agus ní raibh ariamh." "Bhfuil dá mbeadh baraille beorach annseo", adeir Raiket, bfhearr dhuit é dá bheith dá dhíolfá, dh'ól go ceann seacht mbliain. Níl aon fhear faoi'n domhan i ndon beor a dhéanamh níos fearr ná mise". "Cén chaoi a ndéannfá beoir"? adeir fear an tighe. "Baraille fuisge, baraille leanna agus baraille fíona agus na trí cinn a tharraingtt, inéinfeacht i n-aon tsoitheach amháin".

12

"Má dhéanann tú baraille beorach dom-sa", adeir fear an tighe "tiubhraidh mé páidhe mhaith dhuit. locfaidh mé go maith thú as a ucht", adeir sé.

Fuair sé baraille leanna, agus baraille fuisge agus baraille fíon. Shocruigh sé suas na trí cinn ar plege.

Chuir sé an baraille fuisge i lár agus baraille fíon ar thaobh dhe agus baraille leanna ar an taobh eile dhe. Fuair sé tubán mór agus shocruigh sé isteach faoi na trí cinn é. Chuir sé poll gimiléid ar na trí cinn aca ionnus go mbeidís ag tarraingt inéinfeacht. Chuir sé poll gimiléid ar an mbaraille leanna i dtosach, bhí sé ar an gcolbhaidh.

"Seo anois", adeir sé le fear an hotel "leag thusa d'órdóg ar seo", adeir sé. Chuir sé poll ar an mbaraille fuisge annsin. Sé a bhí i lár aige.

13

"Leag do theanga ar seo anois", adeir sé . Rinne sé a chomhairle. Chuir sé poll ar an mbaraille fíon, a bhí ar an taobh eile annsin. "Leag an ordóg eile leat ar seo anois", adeir sé.

Nuair a fuair sé ceangailte é, d'fhág mé luibheanna sgathaimh beag uaim indé", adeir sé.

"Caithfidh mé dhul dá dtóridheacht, fan thusa annsin go dteaga mé", adeir sé.

Chuaidh sé fhéin amach i gcoinne na luibheanna agus lean sé Baicín. Tháinig sé suas leis, tuairim a dó dhéag sa lá.

"Bhfuil do dhó dhéag is sé pingne i gconaí ad", adeir sé.

"M'anam go bhfuil", adeir Baicín. "Ar dhíol tú an cár agus an capall"?.

"M'anam gur dhíol", adeir sé.

14

"Céard a fuair tú ar an gcár is ar an gcapall"?.

"Fuair mé deich bpunt", adeir Baicín. "Céard a fuair tú ar an muic"? adeir sé.

"Fuair mé seacht bpunt", adeir Baicín.

"Tá do dhó dhéag is sé pingne fós ad agus do sheacht bpunta dhéag".

"Tá", adeir Baicín, adeir sé.

"Agus cén nuair a rinne tú Fóghmhar có maith leis sin i Sasana". "M'anam nach n-dearnas ariamh", adeir Baicín.

Bhíodar ag siubhal leob an bóthar agus casadh fear marbh leob, caithte isteach i dtom seiliosruim, leath-thaobh an bhóthair. Tharraig Raicet a sgian as a phóca.

"Go isteach", adeir sé le Baicín "agus bain an dá chois, ón dá ghlúin den fhear sin".

15

"M'anam fhéin nach ngabhad", adeir Baicín. "B'fhéidir go n-íocfaidís mé fhéin fós, as ucht a dhéanamh", adeir Raicet.

Chuaidh Raicet isteach agus bhain sé an dá chois, ón dá ghlúin dhe gur cheangail sé suas ina mhála iad. An chéad bhaile mór a rabhadar ag teacht suas leis, "cé mbeidhmídh anocht", adeir Raicet.

"M'anam nach bhfuil aon mhaith dhúinn ag dhéanamh aon luath aois de", adeir Baicín, "beimid i dteach loistín eicínt. An bhfuil an dó dhéag is sé pingne ad fós", adeir sé.

"Tá", adeir Baicín agus do sheacht bpunta dhéag

"Tá",

"Shílfeá go mbeadh oidhche mhaith againn ar an méad sin".

An hotel is fearr a chonnaic Raicet cosmhalacht air, is ann isteach a chuaidh sé.

16

D'fhiafrúigh sé dhe fhear an hotel an bhféadfadh sé seomra a thabhairt dó a chuirfeadh sé glas a chur air, go maidin. Dubhairt fear an hotel go bhféadfadh.

"Ní maith liom eochair an tseomra a bheith ag aon fhear ach ad fhéin". "Feadfaidh mise sin a dheanamh", adeir fear an hotel, adeir sé.

"Tá airgead go leor a'inn. Séard tá ionainn ceannaidhthe agus tá go leor a'inn. Fuaireadar an seomra agus gach ar fhéad Raicet a ghlaodhach ag ól, bhí sé ghá deanamh go maidin. Nuair a d'airigh sé ina lá é, rinne sé sugán dá raibh de phluideanna agus de bráithlinní timcheall air fhéin agus ar Bhaicín.

17

Bhuail sé ceann an tsugáin faoi dá easgaill Bhaicín agus thog sé an fhuinneóg agus sgaoil sé Baicín síos go dtí an talamh amuich. Sgaoil Baicín an sugán de fhéin nuair a fuair sé thíos é féin, agus tharraing Raicet aníos chuige an sugán. Bhain sé an fuinneamh as arís mar bhí sé i dtosach. Sgar sé a chuid bráithlinní agus sgar sé a chuid pluideanna ós a gcionn mar bhí said aréir agus chuaidh sé fhéin isteach a chodladh. I gceann píosa maith den lá, cnocáil sé ag an dorus nuair a dhúsigh sé. Tháinig fear an hotel aníos go dtí é. Bhain sé an glas den dorus.

Nuair a d'osgail sé an doras, "cáidé ó éirigh an fear eile a bhí ina chodladh anseo" adeir Raicet adeir sé.

18

"M'anam nár éirigh sé chor ar bith fós", adeir fear an hotel, adeir sé. "Arnú marach gur éirigh", adeir Raicet, "bheadh sé sa leabaidh".

"Má d'éirigh", adeir fear an hotel, "tá fhios ad é agus bhí fhios ad-sa go maith go ndeanfadh sib an cleas céadna leis", adeir sé.

"Ó hón ó go deo", adeir Raicet, "sé mo dhreatháirín óg agus narb aige a bhí an t-airgead uilig". Ní dhearna Raicet ach é fhéin a bhualadh faoi'n urlár agus thosuigh sé dhá ionntú féin agus ag caoineadh a dhreatháirín. Is gearr gur bhreathnuigh sé faoi'n leabaidh agus an dá chois a bhí bainte aige den fhear marbh, ó indé, bhíodar caithte isteach faoi'n leabaidh aige. Chrom sé isteach agus thóg sé amach cos acab.

19

"Ámh ó go deo sin cos le mo dheathairín". Bhain sé rowl eile as fhéin agus thus sé cos eile amach ón leabaidh. "Amh ó go deo sin iad dhá chois mo dhreatháirín . "Ó do chara is do choimridhe", adeir fear an hotel, ná dean sgéal orm agus ní dhearna mise a leithéidh, agus tuibhraidh mé dhá chéad punta duit", adeir sé.

"Bhí dhá chéad punt aige fhéin", adeir Raicet "nó an chuid is mó de. Ní thiubhrainn-se socrú dhuit ar chúig chéad punt", adeir sé, gan cainnt ar bhás a mo dhreathára." "Dheamhain pinginn a'am ach chúig chéad punt agus tiubhraidh mé dhuit é. Is fearr dom a thabhairt dhuit, is fearr dom a thabhairt dhuit, ná sgéala a dhéanamh orm".

20

"Well,ó mharbhuigh tú é, ní as ais a thiocfaidh sé, ní maith liom-sa droch -rath a chur ort-sa, glacfaidh mé na chúig chéad", adeir sé.

Bhíodar luath go leor istigh i nBaile Átha Cliath an lá sin. Tháinig sé suas le Baicín ar an mbóthar. Thug sé na chúig chéad do Bhaicín nuair a tháinig sé suas leis.

"Tá do chúig chéad anois a'd", adeir sé le Baicín agus do sheacht bpunta dhéag agus do dhó dhéag is sé pingine. Is maith an sgaitheamh a bheadh i Sasana, sul dá mbeadh an mbéid sin saothruighthe a'd".

An teach ar thógadar loistín i mBaile Átha Cliath ann, bhíodar istigh ag fanacht le n-a ndinnéar a fhágail réidh ann.

21

Chuaidh an fear seó thart sa tsráid, agus iad istigh. Ní raibh aon duine le leigeann ag breathnú ar an seó, gan chúig phunt. "Téighmid amach", adeir Raicet, "go bhfeicimid an seó" adeir sé.

"Ababú", adeir Baicín, "m'anam nach n-íocfaidh mise chúig phunt ag dhul ag breathnú air", adeir Baicín.

"Iocfaidh mise mo chúig phunt as ucht dhul ag breathnú air", adeir Raicet.

"Roinnfimidh an t-airgead ar a chéile mar sin", adeir Baicín.

"Níl aon locht air", adeir Raicet. Roinneadar dhá leith den airgead le chéile. Chuaidh Raicet amach agus d'íoc sé chúig phunta ar dhul ag breathnú ar an seó. Sé'n sort seó a bhí ann fear a bhí san ain-mhéid.

22

"B'fhaca tú aon fhear ariamh chó mór leis sin", adeir fear an tseó, le Raicet? "Fear mór é go deimhin", adeir Raicet. "Ní hé sin atá mé a fhafrughe dhuit, ach an bhfaca tú aon fhear ariamh có mór leis?", adeir sé. "Go deimhin chonnaiceas", adeir Raicet, "fear chó mór leis", adeir sé. "Ní fhágfaidh tú seo go gcruithuighe tú sin", adeir sé.

"Ó, tá dhá chéad phuint a'm agus cuirfidh mé de gheall leat-sa é go raibh sé chó mór leis, ach t-tiubhraid tú triáil dom go rachaidh mé ina choinne". Níl aon tsiubhal aige agus caithfidh, dhul ina choinne".

Chuireadar an dá chéad i ngeall le cheile. B'éigin dhóib fiadhnaís láidre fhághail go seasfadh fear an t-seó san áit a raibh sé go dteagadh Raicet air ais.

23

Leag sé a dhá chéad fhéin, amach agus d'imthigh leis. Níor stop sé ariamh go dtáinig sé go dtí an fhairrge. Fuair sé loisdín oidhche annsin, agus é tuirseach go leor. Bhí beirt fhear óg sa teach a bhfuair sé lóisdín ann. Nuair a bhíodar tar éis a suipéir, thosuigh an bheirt dá nigheachán féin, is dá nglanadh fhéin, dá mbeidís ag dul chun journey.

"An miste dom fiafrughe díbh cá bhfuil sibh a dhul an t-am seo d'oidhche?" "Ní miste", adeir fear, acab. "Táimuid ag dul chun torramh sean-bhean, a bhí ar an mbaile annseo, a'inn. Bhíodh sí ag imtheacht ag cardáil. Ní raibh aon chlann aice agus bhíodh sé ag imtheacht ag cárdáil. Tá sí caillta anocht agus táimuid ag dul chun a torraimh", adeir sé.

24

"Tuige nach raibh clann at beith dá cuid fhéin aice", adeir Raicet.

"Ní raibh aon chlann ariamh aice", adeir fear acab "ach aon mhac amháin". D'imthigh sé sin ar bhord soithigh a bfada ó shoin agus ní bhfuair sí a dhubh ná a dhath ná a thuairisg ó shoin."

"Cén t-ainm a bhí ar an tsean-bhean", adeir Raicet. Mar seo is mar súid, adeir fear an tighe ag innsint na fírinne cé'n t-ainm a bhí uirthé.

"Ó hón", adeir Raicet "mo mháthair", adeir sé, ag bualadh a dhá bhos faoi chéile agus ag tosuighe a caoineadh na caillighe. Chuaidh sé amach i néinfeacht leob chun na tórraimh. Nuair a tháinig sé isteach i dteach na tórra níor stop sé ag caoineadh gur chaoin sé a dhóthain.

25

Chuir sé fios amach ar tobac is fuisge is chuile rud dár theastuigh le haghaidh tórra, le n-a haghaidh, agus i mbárach nuair a chuaidh said dá cur, chuaidh sé chun na roilig'léithe agus tar éis chuile dhuine imtheacht, d'fhan sé dá caoineadh. Nuair a fuair sé chuile dhuine imthighe arís chas sé ós a cionn arís, agus chuir sé anois as an gconnra í .

Tharraing sé sgian as a phóca agus ghearr sé an seo board(an t-sean-liopa a bhí aice) aiste, na brúisíní, béal mór. Bhuaill sé páipéar ina timpeall agus thug sé leis í go ndeacha sé go Baile Átha Cliath.

Dubhairt sé go raibh a athair cailte roimhe, agus nár fhéad sé fhéin a thabhairt leis ach míosúr a bhéil. Leagadh míosúr béil an fhir a bhí cailte, ar bhéal an fhir mhóir agus chuaidh sé siar go dtí na dá chluais air.

26

Moladh dó nach raibh baoghal ar bith ag an bhfear mór bheith chó mór le n-a athair agus an míosúr sin bheith ina bheal.

Fuair sé a chuid airgid agus tháinig sé abhaile go Connamara agus níor theastuigh uaidh corruighe ariamh ó shin.

Dia Sathairn 10/10/1931.

Sgríobhadh síos ó Sheán Ó Briain i dtigh Phádraic Ó Suilleabháin (Seán)

Locha Con Uidhre.

Bhíodh an sgipéid ar éadan an chomhra mhóir, ar an taobh istigh

Ag a n-a athair a chuala Seán Ó Briain an sgéal seo.

Seán Ó Briain a bhí air a athair.

Rugadh iad i gCill Bhrighide . Ní raibh sé ach ina ghasúr nuair a tháinig sé go Loch con Uidhre.